2026/2156

23.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2156 ÓN gCOMHAIRLE

an 22 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 28(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Meán Fómhair 2018, bunaithe ar iarraidh ó Shásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe d'Éimin (UNVIM), ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2018/1249 ([1]) maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le UNVIM.

(2) An 12 Deireadh Fómhair 2020, bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2020/1465 ([2]) agus rinne sí gníomhaíocht ón Aontais a athnuachan mar thaca le UNVIM.

(3) Le Rún 2768 (2025) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe (UNSCR), tugadh ar aire an úsáid a bhaintear as ard-armáin in ionsaithe na Houthi agus athdhearbhaíodh nach mór do Bhallstáit uile na Náisiún Aontaithe cloí lena n-oibleagáidí maidir leis an trádbhac spriocdhírithe arm a bunaíodh i Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus i ndáil leis an méid sin, éilítear ar Bhallstáit na Náisiún Aontaithe éirí as airm a sholáthar do na Houthi agus cosc a chur ar na Houthi airm agus ábhar gaolmhar a fháil chun tuilleadh ionsaithe a dhéanamh.

(4) Sna conclúidí uaithi an 20 Bealtaine 2025, chuir an Chomhairle in iúl go gcáineann an tAontas leathadh arm a théann chun tairbhe do na Houthi agus grúpaí neamhstáit armtha eile, lena n-áirítear eagraíochtaí ainmnithe sceimhlitheoireachta ar nós Al-Shabaab agus Al Qaida i Leithinis na hAraibe, de shárú ar an dlí idirnáisiúnta, chomh maith leis an méadú suntasach atá tagtha ar an ngáinneáil ar airm ar fud Éimin, na Mara Rua agus Chorn na hAfraice, rud a chuireann an chobhsaíocht réigiúnach i mbaol. Thairis sin, chuir an Chomhairle in iúl go leanfaidh an tAontas de thacaíocht a thabhairt do UNVIM, agus é ag iarraidh ag an am céanna go ndéanfaí a shainordú a threisiú chun feabhas a chur ar a ról agus ar a éifeachtúlacht i bhforfheidhmiú thrádbhac arm na Náisiún Aontaithe faoi Rún 2216 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(5) An 18 Iúil 2025, bunaithe ar iarraidh ó UNVIM, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2025/1473 ([3]) agus rinne sí gníomhaíocht an Aontais chun tacú le UNVIM a athnuachan ar feadh thréimhse 12 mhí, go dtí an 30 Meán Fómhair 2026.

(6) D'iarr UNVIM tacaíocht bhreise ar feadh bliain amháin ar an Aontas.

(7) Bunaithe ar thorthaí an mheasúnaithe straitéisigh, an 16 Iúil 2026 chinn an Coiste Polaitiúil agus Slándála gur cheart don Aontas a ghníomhaíocht chun tacú le UNVIM a athnuachan ar feadh thréimhse 15 mhí go dtí an 31 Nollaig 2027.

([1]) Cinneadh (CBES) 2018/1249 ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 2018 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 235, 19.9.2018, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/1249/oj).

([2]) Cinneadh (CBES) 2020/1465 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2020 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L 335, 13.10.2020, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/1465/oj).

([3]) Cinneadh (CBES) 2025/1473 ón gComhairle an 18 Iúil 2025 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 maidir le gníomhaíocht ón Aontas Eorpach chun tacú le Sásra Fíorúcháin agus Cigireachta na Náisiún Aontaithe in Éimin (IO L, 2025/1473, 21.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1473/oj).

(8) Ba cheart méid tagartha airgeadais nua a chur leis chun an tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027 a chumhdach.

(9) De bhun Rún 2813 (2026) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, tháinig deireadh le sainordú Mhisean na Náisiún Aontaithe chun tacú le Comhaontú Hodeidah (UNMHA) an 31 Márta 2026.

(10) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2020/1465 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh (CBES) 2020/1465 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1(3):

'3. Leis an gCinneadh seo, tabharfaidh an tAontas tacaíocht d'Oifig Thoscaire Speisialta Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe le haghaidh Éimin i dtaca le UNVIM a imscaradh i gcalafoirt Hodeidah, Saleef agus Ras Issa agus in áiteanna eile i dtíortha comharsanachta Éimin, de réir mar is gá chun UNVIM a chur chun feidhme. Chun na críche sin, rannchuideoidh an tAontas leis na costais a bhaineann le UNVIM a atreisiú, agus ar an gcaoi sin cuideoidh sé le freagairt ar riachtanais mhuintir Éimin mar chuid de straitéis dhaonnúil níos leithne.';

(2) cuirtear an fhleasc seo a leanas le hAirteagal 3(1):

'- EUR 2 480 794,55 don tréimhse ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Nollaig 2027.';

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír:

'Rachaidh sé in éag an 31 Nollaig 2027.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

T. BYRNE